

Gaelscoileanna



**RÚIN 2011
CRUINNIÚ CHINN BLIANA
GAELSCOILEANNA TEO.**

Gaelscoileanna



BUNÚ SCOILEANNA

1. An Próiseas Aitheantais Nua do Bhunscoileanna

- Fáiltíonn an Chomhdháil seo roimh an suntas atá tugtha sna critéir aitheantais do scoileanna nua do thábhacht na gaelscolaíochta i bhforbairt na Gaeilge i gcomhthéacs na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge agus cearta bunreachtúla.
- Éilíonn an Chomhdháil, go ndéanfar beart de réir briathair agus go mbeidh éileamh cruthaithe agus inmharthana ar an ngaelscolaíocht mar chritéar lárnach sa phróiseas aitheantais do bhunscoileanna amach anseo, beag beann ar sholáthar scolaíochta trí mheán an Bhéarla sa cheantar lena mbaineann.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Ritheadh d'aon ghuth.

BUNÚ SCOILEANNA

Rún 2: An Próiseas Aitheantais Nua d'Iar-bhunscoileanna

- Fáiltíonn an Chomhdháil seo roimh an aitheantais atá tugtha sna critéir aitheantais do riachtanais na hIar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge trí 3 Ghaelcholáiste nua a aithint.
- Éilíonn an Chomhdháil ar an Roinn Oideachais agus Scileanna go dtabharfar aitheantas don obair leanúnach atá á dhéanamh ag coistí bunaithe i gceantair nach bhfuil aitheanta ag an Roinn agus go ndéantar na hiarratais seo a fhaomhadh chun freastal ar an éileamh inmharthana atá cruthaithe.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Ritheadh d'aon ghuth.

BUNÚ SCOILEANNA

Rún 3: Cóimheas Múinteoirí le Daltaí sna Scoileanna Lán- Ghaeilge

- Cáineann an Chomhdháil seo an t-athrú a cuireadh i bhfeidhm ó thús na scoilbhliana 2011 sa chóimheas múinteoirí le daltaí sna Scoileanna Lán-Ghaeilge, athrú a chuir deireadh le socrú a raibh bunús oideachasúil agus teangeolaíoch leis.
- Cáineann an Chomhdháil an toradh de bharr an athraithe seo, eadhon cailteanas múinteoirí, ranganna níos mó agus ranganna measctha i roinnt scoileanna.
- Cáineann an Chomhdháil easpa toilteanais na Roinne Oideachais agus Scileanna plé a dhéanamh leis an eagraíocht faoi chomhréiteach.
- Molann an Chomhdháil cinneadh leatromach seo a aisiompú láithreach agus cosaint a thabhairt don Ghaelscolaíocht mar is ceart.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Ritheadh d'aon ghuth.

BUANÚ SCOILEANNA

Rún 4: Deontas Caipitil na Scoileanna Lán-Ghaeilge

- Aithníonn an Chomhdháil seo an ghéarchéim airgeadais atá sa tír.
- Cáineann an Chomhdháil, áfach, na ciorraithe atá á mbagairt sa cháinainéis, agus
- Impíonn an Chomhdháil nach gcuirfear breis laghdaithe i bhfeidhm ar an deontas caipitil nó bheadh impleachtaí an-tromchúiseacha d'fheidmiú éifeachtach na scoileanna.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Ritheadh d'aon ghuth.

BUANÚ SCOILEANNA

Rún 5: An Gaeloideachas i gcroílár na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge

- Éilíonn an Chomhdháil seo go gcuirfí na gealltanais uile atá leagtha amach d'fhorbairt an ghaeloideachais i bhfeidhm de réir sceidil agus próisis comhaontaithe i gcomhar leis na páirtithe cuí.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Ritheadh d'aon ghuth.

BUANÚ SCOILEANNA

Rún 6: Soláthar Cóiríochta do Scoileanna le hAitheantas Buan

- Cáineann an Chomhdháil seo an easpa dul chun cinn atá déanta ag an Roinn maidir le soláthar cóiríochta do scoileanna le haitheantas buan atá ag fanacht le blianta fada.
- Éilíonn an Chomhdháil go rachaidh an Roinn i ngleic leis an mbearna seo a dheisiú a luaithe agus is féidir chun go dtabharfar cothrom na féinne do gach scoil.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Ritheadh d'aon ghuth.

BUANÚ SCOILEANNA

RÚN 7: Forbairt na nAonad lán-Ghaeilge

- Éilíonn an Chomhdháil seo go dtabharfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna aitheantas oifigiúil do pholasaí nua GAELSCOILEANNA TEO. ar forbairt na nAonad lán-Ghaeilge agus go n-aontófar plean gnímh i gcomhar lena chéile chun stádas, riachtanas agus acmhainní na nAonad lán-Ghaeilge a fheabhsú.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Ritheadh d'aon ghuth.

BUANÚ SCOILEANNA

RÚN 8: Painéal ath-implonnaithe i bhfeidhm do mhúinteoirí

- Fáiltíonn an Chomhdháil seo roimh an chomhréitigh a d'aontaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le socruithe painéil do mhúinteoirí i scoileanna faoin bhForas Pátrúnachta don scoilbhliain seo.
- Éilíonn an Chomhdháil go gcuirfear painéal ath-implonnaithe do mhúinteoirí i ngaelscoileanna faoi gach pátrún i bhfeidhm láithreach.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Ritheadh d'aon ghuth.

BUANÚ SCOILEANNA

RÚN 9: Soláthar Cóiríochta do Scoileanna le hAitheantas Buan

- Éilíonn an Chomhdháil seo go mbeidh trédhearcacht níos fearr ann sa chlár tógála agus go dtabharfar tosaíocht do scoileanna le haitheantas buan atá ag fanacht le blianta fada ar chóiríocht bhuan.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Ritheadh d'aon ghuth.

BUANÚ SCOILEANNA

RÚN 10: Próiseas Iontrála Scoileanna ag an mBunleibhéal agus ag an Iarbhunleibhéal

- Aithníonn an Chomhdháil seo gur gá freastal ar riachtanais agus éagsúlacht na sochaí chomhaimseartha trí phróiseas iontrála scoileanna atá cothrom agus trédhearcach.
- Éilíonn an Chomhdháil go mbeidh cosaint do shainmheon teanga na scoileanna lán-Ghaeilge aitheanta mar chroí-chritéir i bpróiseas iontrála na scoileanna lán-Ghaeilge.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Ritheadh d'aon ghuth.

BUANÚ SCOILEANNA

Rún 11: Athstruchtúró ar Earnáil Dheonach na Gaeilge

- Tacaíonn an Chomhdháil seo le hathstruchtúró ar earnáil dheonach na Gaeilge a bheadh chun leasa earnáil na gaelscolaíochta go háirithe.
- Cáineann an Chomhdháil an próiseas lochtach comhairliúcháin a bhaineann le forbairt na samhla nua maoinithe.
- Éilíonn an Chomhdháil seo go mbeidh nasc láidir idir aon samhail nua mhaoinithe agus Straitéis 20 Bliain an Rialtais don Ghaeilge, straitéis Fhoras na Gaeilge agus ról na n-eagraíochtaí iontu.
- Éilíonn an Chomhdháil go mbeidh todhchaí sheasmhach inmharthana ag an earnáil ghaeloideachais trí chóras ceart maoinithe bheith ar fáil.
- Éilíonn an Chomhdháil go dtabharfar aitheantas do thábhacht na hoibre a bhíonn idir lámha ag GAELSCOILEANNA TEO. chun leasa na scoileanna lán-Ghaeilge ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Ritheadh d'aon ghuth.

BUANÚ SCOILEANNA

RÚN 12: Dífheistiú scoileanna: Patrúin & Iolrachas

- Tacaíonn an Chomhdháil seo le hobair an Fhóraitm faoi Phátrúnacht agus Iolrachas in Earnáil an Bhunoideachais atá ag díriú ar chothromaíocht sa soláthar pátrúnachta mar rogha do thuismitheoirí a chinntiú.
- Éilíonn an Chomhdháil go mbeidh próiseas ceart pleanála i bhfeidhm do scoileanna ar mian leo an sainmheon creidimh a athrú; go mbeidh tacaíocht chuí ar fáil dóibh, go háirithe i leith aistriú teanga na scoile ón Bhéarla go Gaeilge agus go mbeidh aon athrú bunaithe ar éileamh ar an talamh seachas ag teacht ón mbarr aníos.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Ritheadh d'aon ghuth.

BUANÚ SCOILEANNA

RÚN 13: An Straitéis Litearthachta agus Uimhearthachta

- Fáiltíonn an Chomhdháil seo roimh an aitheantais a tugadh do riachtanais na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge sa Straitéis Náisiúnta don Litearthacht agus Uimhearthacht a foilsíodh mí Iúil 2011.
- Cáineann an Chomhdháil an t-easnamh atá sa straitéis maidir le litearthacht don Ghaeilge sna scoileanna lán-Bhéarla.
- Éilíonn an Chomhdháil go ndéanfar beart de réir briathar agus go gcuirfear na háiseanna tacaíochta agus measúnaithe ar fáil atá in oiriúint do chóras na gaelscolaíochta.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Ritheadh d'aon ghuth.

BUANÚ SCOILEANNA

RÚN 14: Siollabas Gaeilge na hArdteistiméireachta Ardleibhéil

- Cáineann an Chomhdháil seo na leasuithe a rinneadh ar Shiollabas Gaeilge na hArdteistiméireachta Ardleibhéil gan sainriachtanais na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge a chur san áireamh.
- Éilimid go gcuirfear ábhar nua ar fáil anois a thabharfaidh deis do na daltaí seo scileanna i scríobh agus léamh na teanga a fhorbairt ionas go mbeidh siad in ann oideachas ceart a fháil sa Ghaeilge agus go mbeidh na scileanna acu le tabhairt faoi na hábhair acadúla eile trí mheán na Gaeilge.
- Éilimid ar an Aire Oideachais agus Scileanna míniú a thabhairt ar an gcúis gur dhiúltaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna an t-ábhar breise seo a chur ar fáil le freastal ar na riachtanais teanga ag daltaí na Gaeltachta, na scoileanna lán-Ghaeilge agus daltaí eile na tíre ar spéis leo ardchaighdeán a bhaint amach sa Ghaeilge.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Ritheadh d'aon ghuth.

BUANÚ SCOILEANNA

RÚN 15: Riachtanas Nua ag Comhairle na Múinteoireachta

- Molann an Chomhdháil seo an Chomhairle Mhúinteoireachta as na moltaí atá déanta acu maidir le forbairt na gclár oiliúna do mhúinteoirí, ar a n-áirítear ardú sa ghrád iontrála don Ghaeilge; cúrsa fochéime 4 bliana; measúnú ar chumas Gaeilge na n-iarrthóirí; tréimhse éigeantach sa Ghaeltacht agus eile.
- Éilíonn an Chomhdháil go dtabharfar tacaíocht do na moltaí seo agus go gcuirfear tús leis an bplean gnímh ar bhonn práinne.

Bord Stiúrtha, GAELSCOILEANNA TEO.

Ritheadh d'aon ghuth.